RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/866 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Feabhra 2023

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/1021, cuirtear chun feidhme gealltanais an Aontais faoi Choinbhinsiún Stócólm maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha ([2]) ("an Coinbhinsiún") agus faoin bPrótacal a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha ([3]).

(2) In Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún tá liosta ceimiceán a gceanglaítear ar gach Páirtí sa Choinbhinsiún iad a thoirmeasc nó na bearta dlí agus riaracháin is gá a dhéanamh chun deireadh a chur lena dtáirgeadh, lena n-úsáid, lena n-allmhairiú agus lena n-onnmhairiú, agus na díolúintí sonracha is infheidhme a leagtar síos san Iarscríbhinn sin á gcur san áireamh.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/784 ón gCoimisiún ([4]), leasaíodh Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 chun aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara a áireamh.

(4) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 tá teorainn 1 mg/kg le haghaidh Rian-Éilleáin Neamhbheartaithe (UTC) maidir le PFOA agus a shalainn i micreaphúdair pholaiteitreafluaireitiléine (PTFE), teorainn atá le hathbhreithniú faoin 5 Iúil 2022.

(5) Ghlac an Coiste um Measúnú Riosca agus Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) tuairim ([5]) ("tuairim ECHA"), lena n-áirítear measúnú ar dhá theorainn UTC a socraíodh maidir le PFOA, a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara.

(6) Thángthas ar an gconclúid i dtuairim ECHA gur forbraíodh próisis chun tiúchan PFOA a laghdú go dtí leibhéal faoi bhun theorainn chineálach UTC 0,025 mg/kg a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1021. Chuir formhór na monaróirí micreaphúdair pholaiteitreafluaireitiléine (PTFE) na próisis sin i bhfeidhm go rathúil. Bheadh na monaróirí eile in ann an teorainn 0,025 mg/kg a chomhlíonadh faoin 5 Iúil 2022. Dá bhrí sin, níl gá a thuilleadh le teorainn shonrach UTC 1 mg/kg atá ann faoi láthair maidir le PFOA agus a shalainn i micreaphúdair PTFE agus ba cheart go rachadh sí in éag ar dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(7) In Rialachán (AE) 2019/1021 tagraítear d'Airteagal 3(12) agus (24) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) chun "cur ar an margadh" agus "úsáid" a shainmhíniú. Cháileodh cóireáil micreaphúdair PTFE mar "úsáid" agus cháileodh an t-aistriú chuig eintiteas dlíthiúil éagsúil le haghaidh cóireála mar "cur ar an margadh".

([1]) IO L 169, 25.6.2019, lch. 45.
([2]) IO L 209, 31.7.2006, lch. 3.
([3]) IO L 81, 19.3.2004, lch. 37.
([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/784 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2020 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara a liostú (IO L 188 I, 15.6.2020, lch. 1).
([5]) https://echa.europa.eu/documents/10162/13579/art77_3c_pfoa_pfca_derogations_compiled_rac_seac_opinions_en.pdf/6582d9a1-56b2-3e88-a70f-cdf3ab33d421
([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

(8) I gcás amháin ar a laghad, is gá micreaphúdair PTFE a iompar chuig saoráid eile le haghaidh cóireála chun tiúchan PFOA agus a shalainn a laghdú chun teorainn UTC 0,025 mg/kg a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, ba cheart teorainn shonrach UTC 1 mg/kg atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun chun monarú, cur ar an margadh agus úsáid PFOA agus a shalann i micreaphúdair PTFE a chumhdach i gcás micreaphúdair PTFE a iompar agus a chóireáil amháin chun an tiúchan PFOA a laghdú.

(9) Is ann do chomhdhúile PFOA-ghaolmhara mar eisíontas in idirmheánaigh aonraithe iompartha a úsáidtear i monarú fluaraiceimiceán a bhfuil fad slabhra sárfhluaracarbón acu atá cothrom le sé adamh nó níos giorra. Chun gur féidir na hidirmheánaigh aonraithe iompartha sin a tháirgeadh agus a úsáid, leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/1021 teorainn UTC 20 mg/kg, a bheidh le hathbhreithniú tráth nach déanaí ná an 5 Iúil 2022.

(10) Thángthas ar an gconclúid i dtuairim ECHA gurb é leibhéal UTC atá ann faoi láthair an leibhéal is ísle is féidir a chomhlíonadh, agus na réitigh theicneolaíocha atá ar fáil á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart an t-athbhreithniú ar theorainn UTC a chur siar.

(11) Is ann do PFCAnna C9-C14 freisin mar eisíontais in idirmheánaigh aonraithe iompartha a úsáidtear i monarú fluaraiceimiceán a bhfuil fad slabhra sárfhluaracarbóin acu atá cothrom le sé adamh nó níos giorra ("roghanna malartacha C6"). Le Rialachán (AE) 2021/1297 ón gCoimisiún ([7]), déantar foráil maidir le srian faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 lena leagtar síos teorainn ar a dtiúchan, atá le hathbhreithniú tráth nach déanaí ná an 25 Lúnasa 2023. Ba cheart uainiú an athbhreithnithe ar UTC le haghaidh comhdhúile PFOA-ghaolmhara in idirmheánaigh a úsáidtear chun roghanna malartacha C6 a tháirgeadh faoi Rialachán (AE) 2019/1021 a mhodhnú chun é a ailíniú leis an athbhreithniú dá bhforáiltear sa srian ar PFCAnna C9-C14 faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

(12) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 tá díolúine chun PFOA, a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara a úsáid i monarú PTFE agus fluairíde polaivinilídéine (PVDF) chun roinnt táirgí a tháirgeadh.

(13) Le linn an chomhairliúcháin phoiblí chun tuairim ECHA a ullmhú, dúirt táirgeoirí fluarapholaiméirí nach n-úsáidtear PFOA, a shalainn ná a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara a thuilleadh chun PTFE agus PVDF a mhonarú san Aontas. Ar bhonn na faisnéise sin, níl gá leis an díolúine shonrach sin a thuilleadh agus ba cheart, dá bhrí sin, í a scriosadh.

(14) Ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar chun dóthain ama a thabhairt do na páirtithe leasmhara lena mbaineann oiriúnú a dhéanamh do na ceanglais nua.

(15) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1021 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([7]) Rialachán (AE) 2021/1297 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéid shárfhluaracarbocsaileacha ina bhfuil 9 go 14 adamh carbóin sa slabhra (PFCAnna C9-C14), a salainn agus substaintí PFCA C9-C14-ghaolmhara (IO L 282, 5.8.2021, lch. 29)

Beidh feidhm aige ón 18 Lúnasa 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Feabhra 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

I Rialachán (AE) 2019/1021, in Iarscríbhinn I, Cuid A, sa tábla, san iontráil "Aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara", leasaítear an ceathrú colún mar a leanas:

(1) i bpointe 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na dara habairte:

"Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus measúnú ar an díolúine sin tráth nach déanaí ná an 25 Lúnasa 2023.";

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4:

"4. Chun críocha na hiontrála seo, beidh feidhm ag Airteagal 4(1), pointe (b), maidir le tiúchain PFOA agus a shalainn atá cothrom le 1 mg/kg (0,0001 % de réir meáchain) nó faoina bhun sin i gcás ina bhfuil siad i micreaphúdair pholaiteitreafluaireitiléine (PTFE) a tháirgtear trí ionradaíocht ianúcháin nó trí dhíghrádú teirmeach agus i gcás ina bhfuil siad i meascáin agus earraí a bhfuil micreaphúdair PTFE iontu a bhfuiltear lena n-úsáid go tionsclaíoch agus go gairmiúil go dtí an 18 Lúnasa 2023. Seachnófar gach astaíocht PFOA le linn monarú agus úsáid micreaphúdair PTFE agus, mura féidir sin, laghdófar iad a mhéid is féidir. Ní bheidh feidhm ag an teorainn 1 mg/kg (0,0001 % de réir meáchain) ach amháin maidir le PFOA agus a shalainn a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid i gcás ina bhfuil siad i micreaphúdair PTFE a iompraítear nó a chóireáiltear chun tiúchan PFOA agus a shalainn a laghdú faoi bhun na teorann 0,025 mg/kg (0,0000025 % de réir meáchain).";

(3) Scriostar fophointe (e) i bpointe (5).